**S6**

**DON SCRÚDAITHEOIR**

**SCRÚDUIMHIR** ☞ 

**Iomlán na Marcanna**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2005

## GAEILGE (GNÁTHLEIBHÉAL)

**(220 marc)**

**DÉARDAOIN, 9 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.15 go dtí 3.45**

**STAMPA AN IONAID**

| DON SCRÚDAITHEOIR | | |
|---|---|---|
| ROINN | CEIST | MARC |
| I | 1 | |
| | 2 | |
| | 3 | |
| II | 1 | |
| | 2 | |
| | 3 | |
| | | |
| CT | | |
| | | |
| IOMLÁN | | |
| GRÁD | | |

**THALL** →


## ROINN 1 – LÉAMHTHUISCINT (110 marc)

## FREAGAIR GACH CEIST.

**[N.B. Ní mór na freagraí ar na ceisteanna sa Roinn seo a scríobh sna spásanna cuí ar an gceistpháipéar seo.]**

**CEIST 1** Meaitseáil na pictiúir agus na fógraí/comharthaí sna boscaí thíos agus scríobh na litreacha is fearr a fhreagraíonn do na huimhreacha, dar leat, sna spásanna cuí ar an ngreille. (20 marc)


1
**Scoil dúnta**
Damáiste don díon




2
**Bailiúchán airgid**
*Ar son Trócaire*
**Boscaí ar fáil ó rúnaí na scoile**





3
**TOGHA GLASRAÍ**
AR FÁIL ANSEO





4
**AIRE!**
Droichead briste
**An treo seo** ⇨




5
**CARRCHLÓS**
100 SPÁS FÁGTHA




6
**Ranganna ceoil**
Do gach aoisghrúpa





7
**Ag teastáil**
Peata piscín nó coileáin
**Fón: 6540321**





8
Ceachtanna tiomána
**Ar phraghas íseal**
Gach lá den tseachtain




9
**Éadaí san fhaisean is déanaí**
**Do *dhéagóirí*** agus **do *dhaoine fásta***





10
**Ag dul ar saoire?**
Is féidir linn cabhrú leat
***Labhair linn***





| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |

**CEIST 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c). (30 marc)

(a) Léigh an ***fógra*** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)



# TABHAIR AIRE AR NA BÓITHRE



## Cuir deireadh le timpistí

**MÁ THIOMÁINEANN TÚ**

- Ná tiomáin róthapaidh
- Caith crios suíocháin sábhála
- Ná hól alcól
- Tóg sos má bhíonn tú tuirseach
- Bí an-chúramach má bhíonn sioc nó leac oighir ar na bóithre

**MÁ ÚSÁIDEANN TÚ ROTHAR**

- Caith clogad i gcónaí
- San oíche - úsáid solas tosaigh agus cúil
- Bí cinnte go bhfuil na coscáin ag obair i gceart
- Stop ag na soilse tráchta nuair a bhíonn an solas dearg
- Ná caith cluasáin

**MÁ SHIÚLANN TÚ**

- Caith éadaí geala
- Má tá cosán ann úsáid é

**Ag dul trasna an bhóthair**

Stop, féach agus éist

- Téigh trasna ag soilse tráchta nó soilse coisithe más féidir
- Ná siúl trasna idir carranna páirceáilte

**Go dté tú slán**

**COMHAIRLE NÁISIÚNTA UM SHÁBHÁILTEACHT**

(i) Luaigh **dhá** rud is féidir le tiománaí a dhéanamh chun líon na dtimpistí a laghdú.

______________________________________________________

(ii) Luaigh rud **amháin** atá le déanamh ag coisithe ag dul trasna an bhóthair.

______________________________________________________


(iii) Cad ba cheart do rothaithe a chaitheamh i gcónaí?

______________________________________________________

(b) Léigh an ***fógra*** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)



# AN LEABHARLANN ÁITIÚIL



**Ar oscailt**

Luan – Satharn ó 10.00 a.m. go dtí 5 p.m.

Leabhair de gach cineál ar fáil do gach aoisghrúpa

## Imeachtaí suimiúla le teacht

9 Bealtaine 2005 - Taispeántas ealaíne do dhaoine óga idir 7 agus 10 mbliana d'aois

*Suim agat san ealaín? Má tá beidh seans agat*:

Do chuid pictiúr a thaispeáint go poiblí
Labhairt le healaíontóirí cáiliúla
Treoir agus cabhair a fháil uathu

11 Meitheamh 2005 - Ceiliúradh Scríbhneoirí agus Léitheoirí

Más maith leat an léitheoireacht bí ann

Gheobhaidh tú eolas ar leabhair nua
agus
Beidh seans agat:

- caint faoi na leabhair atá léite agat féin
- éisteacht le tuairimí léitheoirí/scríbhneoirí

(i) Cad iad na laethanta a bhíonn an leabharlann ar oscailt?

___

(ii) Luaigh rud **amháin** a mbeidh seans ag daoine óga é a dhéanamh.

___

(iii) Cad a bheidh ar siúl ar an 11 Meitheamh 2005?

___

(c) Léigh an **dán** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)

**Mo Rangsa**



Tá an clárdubh ar an mballa
Is mo mhála ar an talamh
Níl mo bhuidéal cóc fós folamh,
Is tá mise istigh sa rang.
Tá na gasúir ag sioscadh
Is leaid amháin ag ithe briosca
Tá an múinteoir ag ligean osna,
Is tá mise istigh sa rang.
Tá sé beagnach a trí
Beidh saoire a'inn go ceann dhá mhí,
Tá an múinteoir criogthaí,
Is níl mise i mo rang
Mar tá mé ar mo bhealach abhaile.



**Dónall Ó Colchúin**

**<u>Gluais</u>**

**l.5** **sioscadh:** cogarnach
**l.10** **a'inn:** againn
**l.11** **criogthaí**: traochta

(i) Cá bhfuil mála an fhile?

__________________________________________

(ii) Cad atá á dhéanamh ag leaid amháin?

__________________________________________


(iii) Cá fhad a bheidh an rang ar saoire ?

__________________________________________

**CEIST 3** Freagair (a) **agus** (b) anseo. (60 marc)

(a) Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)

# MV DOULOS



Tógadh an long MV Doulos sa bhliain 1914. Mar sin tá sí aon bhliain is nócha d'aois i mbliana - dhá bhliain níos óige ná an Titanic. Ba long iompair í i dtosach ach is long phaisinéirí í le fada anois.

Tá criú de thrí chéad is fiche duine óg as cúig thír is daichead ar bord. Deirtear go bhfuil an siopa leabhar is mó ar long ar bith ar domhan ar an MV Doulos. Ón mbliain 1978 thug seacht milliún duine dhéag as ceithre thír is nócha cuairt uirthi.

Tá an criú sásta an obair a dhéanamh gan aon phá. Nuair a bhíonn siad i bport ar bith tugann siad cuairt ar áiteanna cosúil le príosúin, ospidéil agus scoileanna. Bíonn a lán imeachtaí ar siúl ar bord na loinge agus is féidir leis an bpobal dul chucu.

I Mí na Bealtaine anuraidh bhí an MV Doulos i bport Bhaile Átha Cliath. Bhí taispeántais ealaíne, margadh bia agus a lán rudaí eile le feiceáil ar bord. Chomh maith leis sin chuir criú an MV Doulos ceolchoirm ar siúl san RDS. Tugadh 20% den airgead a bailíodh ag an gceolchoirm do *Focus Ireland* a chabhraíonn le daoine gan dídean, is é sin, daoine nach bhfuil áit bhuan chónaithe acu.

(i) Cén sórt loinge í an MV Doulos anois?

______________________________

(ii) Cé mhéad duine a thug cuairt ar an long ó 1978 i leith?

______________________________

(iii) Ainmnigh áit **amháin** a dtugann an criú cuairt uirthi nuair a bhíonn siad i bport ar bith.

______________________________

(iv) Cathain a bhí an MV Doulos i mBaile Átha Cliath?

______________________________

(v) Cé a fuair cuid den airgead a bailíodh ag an gceolchoirm san RDS?

______________________________


(b) Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. (30 marc)

# Pierce Brosnan/007

Chaith Pierce Brosnan, a bhfuil aithne níos fearr air na laethanta seo mar 007 nó James Bond, a óige in Éirinn. Bhí sé ina chónaí lena sheanathair is a sheanmháthair go dtí go raibh sé aon bhliain déag d'aois. Ansin chuaigh sé chun cónaithe ar feadh tamaill lena mháthair a bhí ag obair mar bhanaltra i Sasana.

D'éirigh sé as an scoil nuair a bhí sé cúig bliana déag d'aois. Bhí sé ina iteoir tine ar feadh tréimhse! Rinne sé traenáil ansin mar aisteoir san Ionad Drámaíochta i Londain. Thosaigh sé ag obair ar chúl stáitse i dtosach agus ansin mar aisteoir i Londain.

I 1981 d'imigh sé go Meiriceá agus bhí an pháirt mar Remington Steele aige sa chlár teilifíse dar teideal *Remington Steele.* Thaitin an clár go mór leis an bpobal i dtosach agus bhí Pierce ina réalta. Ach tar éis trí nó ceithre bliana cuireadh deireadh leis toisc nach raibh go leor daoine ag féachaint air.



Ghlac Brosnan páirt ansin i gcúpla scannán - *Nomads* i 1986 agus *The Fourth Protocol* i 1987. Ach deich mbliana tar éis deireadh a chur leis an gclár *Remington Steele* fuair sé an ról mar 007 sa scannán *Goldeneye.* Thuill an scannán seo os cionn $350 milliún. Bhí sé ina réalta mhór anois gan dabht!

(i) Cár chaith Pierce Brosnan a óige?

______________________________

(ii) Cén tslí bheatha a bhí ag a mháthair?

______________________________

(iii) Cá ndearna sé traenáil mar aisteoir?

______________________________

(iv) Cén fáth ar cuireadh deireadh leis an gclár *Remington Steele*?

______________________________

(v) Cén scannán a rinne réalta mhór de?

______________________________

**THALL ⟶**

## FREAGAIR GACH CEIST.

**CEIST 1** Freagair (a) **nó** (b) anseo. (25 mharc)

(a) Tá tú ar thuras le do chlub óige áit éigin in Éirinn. Scríobh **cárta poist** chuig do chara.

Luaigh na pointí seo a leanas ar an gcárta:


- an t-am a shroich tú an áit
- rud amháin a rinne tú a thaitin leat
- an aimsir
- cá bhfuil tú ag fanacht
- cathain a fhillfidh tú



**Scríobh an freagra sa bhosca anseo thíos.**

**NÓ**

(b)




Is tusa Aoife sna pictiúir thuas. Tá tú ag caint le Colm. Tá sé ag dul chuig dioscó. Tá tusa ag dul leis. Ba mhaith leat a rá le do thuismitheoirí go bhfuil tú ag dul ach ní féidir leat teacht orthu ar an bhfón.

Fágann tú nóta ar an mbord ag rá:

- cé leis a bhfuil tú ag dul chuig an dioscó
- cá bhfuil an dioscó
- an fáth nach raibh tú ábalta teacht orthu ar an bhfón
- cén t-am a bheidh an dioscó thart
- conas a thiocfaidh tú abhaile

**Scríobh an nóta sa bhosca anseo thíos.**

**NÓTA**

**THALL⟶**

**CEIST 2** Freagair (a) **nó** (b) anseo. (40 marc)

**[N.B. Bíodh leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, beannú, agus críoch oiriúnach.]**

(a) Níl do chara ina c(h)ónaí in aice leat anois. Ba mhaith leat socrú a dhéanamh leis/léi chun dul ar laethanta saoire le chéile.



Scríobh litir chuige/chuici. Sa litir luaigh na pointí seo:

- cén uair is féidir leat féin dul ar saoire
- cúpla rud ba mhaith leat féin a dhéanamh ar na laethanta saoire
- cathain ba mhaith leat a fháil amach an féidir leis/léi dul
- cén t-am is féidir leis/léi glaoch teileafóin a chur ort

**Scríobh an litir sa bhosca ar lch. 11**

**NÓ**

**(b)**



Tá post samhraidh agat i ngaráiste. Scríobh litir chuig do chara atá ar saoire i dtír éigin eile ag insint dó/di faoin bpost.

Sa litir luaigh na pointí seo:

- conas a fuair tú an post
- cúpla rud atá le déanamh agat sa phost
- cé mhéad uair in aghaidh an lae a oibríonn tú
- an rud is mó is maith leat **nó** nach maith leat faoin bpost

**Scríobh an litir sa bhosca ar lch. 11**.

Ceist 2 (a) nó (b)

**Litir**

THALL→

**CEIST 3** Freagair (a) **nó** (b) anseo. (45 mharc)

(a) **Alt** gairid **(15 líne nó mar sin)** a scríobh ar **cheann amháin** de na hábhair seo:

(i) An deireadh seachtaine seo caite.
(ii) Lá i dteach m'aintín.
(iii) An caitheamh aimsire is fearr liom.
(iv) An lá a ghoid gadaí an fón póca uaim.

**Scríobh an freagra sa bhosca ar lch. 13**

**NÓ**

(b)




Is iad Nuala agus Séamas na daoine óga atá sna pictiúir thuas. Scríobh síos an cuntas is dóigh leat a bheadh ag Nuala ina dialann (nó ag Séamas ina dhialann) ar na himeachtaí atá léirithe thuas.

**[Is leor 15 líne nó mar sin i do fhreagra]**

**Scríobh an freagra sa bhosca ar lch. 13**

Ceist 3(a) nó (b)

**LEATHANACH BÁN**

**LEATHANACH BÁN**

LEATHANACH
BÁN